

Tomás Ó Ráighne

Seán Bán Breathnach

Seo í an óráid a thug Seán Bán Breathnach ag an uaigh an lá a cuireadh Tomás Ó Ráighne.


Ag tús Mhí Mhéan an Fhómhair i mbliain an dá mhíle a d'fhág muid slán, faraor géar, ag sárfhéar, fear an-chumasach, fear an-léananta, fear ildánach, óráidí agus cainteoir den scoth i nGaeilge agus i dteanga na Banríona freisin. Deaíde den scoth, oide scoile gan sárú, ár gcara - Tomás Ó Ráighne. Ní raibh eadrainn ach an da gharraí agus muid ag fás aníos agus is síos tigh Ráighne a bhíodh muid ag dul fadó ag cuartaíocht.

Chuaigh Tom go dtí Scoil Shailearna agus ina dhiaidh sin go Coláiste Éinne i nGaillimh. Sáriománaí a bhí ann agus d'imir sé don Choláiste agus nuair a bhíodh sé sa mbaile ón scoil bhíodh muid thíos sa bpáirc ó dheas de Thigh Mharcais, sa ngarraí beag sin - Tom, Colm Mharcais, mé féin, Máirtín, Pádraic, Seánín Mhicil, agus Peadairín agus Timín Thadhg Gabha - agus bhíodh muid ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar Tom ach ní raibh aon mhaith ann. Is aige a chonaic mé an chéad chamán riamh agus an plástar dubh casta timpeall go néata air.

Tá a fhios againn gur fear fíorphointeáilte ar fad a bhí ann agus ní ón ngaoth a thug sé an phointeáilteacht ach óna dhaide, Beartla. Nuair a d'fheicfeá portach móna bainte ag Beartla ní raibh bun cleite isteach na barr cleite amach, chuile shórt néata glan.

Chomh maith leis an iománaíocht b'iontach an fear le *billiards* nó snúcar é Tom agus bhí sé tharr barr le leadóg boird. Is aige freisin a chonaic mé an chéad ghléas taifeadta sa bparóiste agus théadh sé timpeall cúpla oíche sula dtéadh daoine go Meiriceá ag tógáil amhrán agus seanchas ar téip agus bhí sé an-bhródúil as cuid de na hamhráin a thóg sé ó Pháraicín Mháirtín Pháidín as Caol Rua agus Páraicín Chóil Choilm as an Lochán Beag roimh dhul ar imirce dóibh.

Bhí an-mheas ag Tom ar an áit seo as ar fáisceadh é. Bhí muid go léir beo bocht ag an am agus thuig Tom an bochtanas. Ceannródaí a bhí ann agus chreid sé go láidir nach é an bád bán ba chearta a bheith i ndán do mhuintir Chois Fharraige agus muintir na Gaeltachta, ach fostaíocht sa mbaile. Bhí a fhios aige freisin gur oideachas a thabharfadh an lámh in uachtar do mhuintir na háite agus a thabharfadh na jabanna dóibh sa mbaile. Bhí sé féin ar cheann de na céad daoine den ghlúin sin a fuair oideachas maith agus bhí baint an-mhór aige le bunú Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, a throid go dian ar son chearta mhuintir na nGaeltachtaí agus ba mhinic leis óráid a thabhairt nó díospóireacht a dhéanamh ar na cúrsaí sin. Nuair a bhí Saor-Raidió Chonamara ag craoladh beo ó Oireachtas na nGael is do Tom a tugadh an jab caint a choinneáil le Ceannfort na nGardaí agus é a choinneáil as an mbealach fad is a bhí an raidió ag craoladh as Tigh Mhaidhcó i Ros Muc, rud a rinne sé gan stró. Bhí baint ghníomhach aige



Tomás Ó Ráighne

le mórán eile rudaí sa bparóiste seo. Bhí sé ar cheann de bhunaitheoirí an Chumainn Forbartha, a rinne obair iontach. Ní raibh aon éirí in airde ag baint leis. Ní raibh aon chall dó leis mar ní raibh sé ag iarraidh a bheith ag déanamh aon ghaisce. Ní fear gaisce a bhí ann.

Fear mor spraoi agus spóirt ab ea Tom. Is cuimhin liom go maith Volkswagen gorm a bheith aige tráth, *PZM 98*, agus is é a thugadh chuig na damhsaí muid ó Tigh Darby i mBéal an Daingin go Seapoint i mBóthar na Trá ag éisteacht le Dickie Rock, Butch Moore, Brendan Boyer, Banna Ceoil Chéili Brendan Mulhare agus daoine nach iad. B'iontach an fear le damhsa é. Thugadh sé buíon damhsóirí leis as Tuaim, nuair a bhí sé ag múineadh scoile ann, go Coláiste Lurgan agus siar ar an Tulach agus ba mhór an spórt é féin, ar ndóigh, ag déanamh damhsa. 'Sé a thug mise go Condae an Chláir an chéad uair riamh. 'Sé a chuir in aithne don phiobaire Willie Clancy, mé agus is iomaí oíche a chaith muid ag breathnú ar dhamsóirí seite i Sráid na Cathrach, Coillte agus Lios Uí Cathasaigh. Nuair a fuair mise mo chéad phost ó Phól Ó Foighil i gColáiste Lurgan, 'sé Tom a chum an teideal a tugadh dom - Bainisteoir Caithimh Aimsire agus Scléipe. Thriail sé trí step damhsa a mhúineadh dom thuas ar an teallach ach ní gá a rá gur theip glan air.

Fear mór imirt chártaí a bhí ann freisin, idir cúig fichead nó pócar, agus grianghrafadóir den scoth.

Chuir sé ainm Scoil Sailearna in airde mar cheann de na scoileanna is fearr sa tír seo agus sheas sé i gcónaí leis na múinteoirí agus sheas sé lena chairde agus bhí meas agus urraim agus gean ag muintir na háite, idir óg agus aosta, air.

Ba é a thug cúnaimh dom agus mé ag lorg mo chéad phost le Raidió na Gaeltachta, agus feicim fós é agus a mhéir crochta aige agus é ag cuir comhairle mo leasa orm. Aireoidh muid uainn thú a Tom. Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní mhaireann an lámh a chur.

Glór na nGael - Ball Áluinn

Máirtín G. Ó Maicín

Bunaíodh Coiste Ghlór na nGael i mBall Áluinn, i gceartlár Mhaigh Eo, in earrach na bliana 1990. Tús lag a bhí ann ach tá sé ag dul i neart ó shin. An aidhm a bhí romhainn ag an am ná aithne i leith na Gaeilge i measc an phobail a neartú agus a láidriú, agus suim i leith na teanga a chothú agus a spreagadh. Tá áthas orainn gur éirigh linn sin a dhéanamh.

Is iomaí tionscnamh ar thugamar faoi idir an dá linn. I dtús na n-ochtoidí bunaíodh Feis Chrónáin. Tús beag a bhí ann ag an am agus bhí an chéad Fheis thart laistigh de chúpla uair an chloig. Ach Feis dhá lá atá ann faoin am seo agus tá sí ag éirí níos mó gach uile bhliain. Sa lá atá inniu ann is ceann de na Feiseanna is mó sa taobh seo tíre í. Bhí tuairim is míle iontráil againn anuraidh ó gach áit sa Chondae agus ó áiteanna eile nach iad.

Comórtas eile a bhíonn againn gach bliain ná Comórtas Ealaíne do bhunscoileanna an Chondae. Iarrtar ar leanaí bunscoile cárta a dhearadh, nó seanfhocal a léiriú nó a leithéid. De ghnáth bíonn idir 650-800 iontráil againn bliain i ndiaidh bliana. Ansin bíonn taispeántas againn de na buaiteoirí.



Glór na nGaeil, Ball Áluinn, Co. Mhaigh Eo
Na scoláirí a tháinig sa gcéad áit, sna ranganna éagsúla, i gComórtas Ealaíne Ghlór na nGael, Ball Áluinn.

Chun tosaigh ó chlé: Ami Ní Mhaoldomhnaigh agus Ferdia Ó Cionnaith. Ar chúil ó chlé: Melissa Ní Shirideáin, Aoife Ní Ghreannacháin, Aisling Ní Ghreannacháin, Coleen Nic Aodha, Ciara Ní Dhochartaigh agus Brian Ó hUallaigh. I láthair freisin tá: Máirtín G. Ó Maicín agus Áine Máire deBúrca, Glór na nGael.

Pic.: T.Forde.

Is iontach an chaoi gur féidir an Ghaeilge a chur chun cinn trí mhodh an tsúgartha. Is breá le scoláirí meánscoile tráth na gceisteanna. I gcomhar le meánscoil an bhaile eagraítear Tráth-na-gCeist Boird gach uile Shamhain, do mheánscoileanna an Chondae, i mBall Áluinn. Éiríonn go hiontach leis agus, bliain amháin, ghlac 85 bord páirt.

Ta scéim ar siúl againn le dhá bhliain anuas le Comhairle an Phobail agus FÁS. 'Séard atá á dhéanamh againn ná leachtanna á gcur suas i ngach baile fearainn le hainm na h-áite sin i nGaeilge amháin. Is iontach an chaoi a ndeachaigh an scéim seo i bhfeidhim ar an bpobal.

Cuirtear an-bhéim ar chúrsaí caidrimh phoiblí agus poiblíocht. Baintear úsáid fhorleathan as nuachtlitr an pharóiste, raidió áitiúil is RnaG, agus nuachtáin an Chondae, go háirithe an *Connacht Telegraph*. Tá an t-ádh linn go bhfuil dearcadh dearfa sa bpáipéar sin agus go bhfuil doras oscailte ansin i gcónaí. Caithfear comhghairdeas a dhéanamh leis an nuachtán céanna as ucht an éacht atá á dhéanamh acu an Ghaeilge a chur chun cinn. Bíonn alt i nGaeilge sa pháipéar gach seachtain, bíonn cúpla eagarfhocal acu i nGaeilge gach bliain, bíonn píosaí eile i nGaeilge go minic chomh maith. Feictear giotaí i nGaeilge ar an gcéad leathnach go minic freisin.



Glór na nGael - Lios Tuathail

Seinnteoirí óga ó Scoil Náisiúnta Dromchloich ar ócáid Bhronnadh na nDuaiseanna do Sheachtáin na Gaeilge in Ionad Naomh Eoin, Lios Tuathail.

Ar chúil ó chlé:- Lorraine Ní hAnluain, Louise Ní Cheallaigh, Roisín Ní hArrachtáin. Chun tosaigh:- Louise Ní Bhunnáin, Siobhán Ní Bhrosnacháin.